

# Modúl 2

# Amlíne na hÉireann

*Taispeántas a úsáid chun cur le tuiscint ama na ndaltaí*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
- Snáithaonad:: Mise
- Snáithaonad: Mo mhuintir

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
- Snáithaonad: Mise
- Snáithaonad: Mo mhuintir
- Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 3 & 4

**SNÁITHE: Staidéir áitiúla**
- Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
- Snáithaonad: Pobail na Clochaoise
- Snáithaonad: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

### RANG 5 & 6

**SNÁITHE: Staidéir áitiúla**
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
- Snáithaonad: Pobail agus sochaithe ársa

**SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart**
- Snáithaonad: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

**SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama**
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

## NASCADH

**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha
- Feasacht agus cúram imshaoil

**OSIE Eolaíocht**
- Dúile beo
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ

**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí

**Na hAmharcealaíona**
- Líníocht
- Tógáil


**OSPS**
- Mise
- Mise agus an domhan mór

**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht

**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

"Is spraoi iontach í an tseandálaíocht mar go ndéanann tú go leor rudaí iontacha agus go leor rudaí deasa."


*Dalta Rang 2*








## CUSPÓIR



Amlíne a chruthú a chabhróidh leis na daltaí am a fheiceáil mar shraith athraithe ag úsáid léaráidí de shéadchomharthaí agus de dhéantúsáin.

## AOISGHRÚPA



Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS



- Píosa ballapháipéir (4m ar fad ar a laghad)
- Rialóir agus marcóir
- Díslí agus cnaipí/licíní
- Blue Tack/gliú

Bileoga Oibre (BO)

- Léaráidí don Amline **(BO1)**
- An Cluiche Ama **(BO2)**

## ULLMHÚCHÁN


Rollaigh amach an píosa ballapháipéir agus tarraing líne chothrománach ar an taobh glan 10cm ón mbarr. Marcáil deich bpointe ar an líne seo, agus thart ar 30cm eatarthu. Méadaigh (ar ghléas fótachóipeála) na deich ndáta atá ar leathanach 49 agus greamaigh iad díreach faoi na deich bpointe ag tosú le 7000 RC ar clé agus ag críochnú le 2000 AD ar dheis. Méadaigh na hocht dteideal agus cuir iad sna háiteanna cuí ar an imeall uachtarach (féach an Teimpléad Amlíne thíos)


Croch suas an píosa ballapháipéir ar bhalla an tseomra, áit inár féidir le gach dalta é a fheiceáil.



**Nod:** fág spás breise ag deireadh na hamlíne don todhchaí – b'fhéidir go smaoineoidh na daltaí ar rud éigin oiriúnach don tríú mílaois AD!






# Tosaimís!

## Suíomh a Chruthú

Caithfidh na daltaí an loighic bhunúsach taobh thiar de na pictiúir a chuireann siad ar an amlíne a thuiscint. Tá daoine in Éirinn le naoi míle bliain nó mar sin de. Tá an t-am sin roinnte ag Seandálaithe ina dtréimhsí éagsúla, ag léiriú athruithe móra sa tsochaí. Is féidir na tréimhsí seo a mhíniú trí athruithe a tharla sa tír. Tharla na hathruithe seo mar gheall ar theacht rud éigin nua, a raibh tionchar mór aige ar an tír:

| **Teacht** | **Dáta** | **Ainm na chéad tréimhse eile** |
|---|---|---|
| *Daoine* | *7000 RC* | *An Chlochaois – Sealgairí (Méisiliteach)* |
| *Feirmeoireacht* | *4000 RC* | *An Chlochaois- Feirmeoirí (Neoiliteach)* |
| *Umha agus stán* | *2000 RC* | *An Chré-Umhaois* |
| *Iarann* | *500 RC* | *An Iarannaois* |
| *Críostaíocht* | *400 AD* | *Luath-Chríostaí* |
| *Na Normannaigh* | *1169 AD* | *An Mheánaois* |

Ba chóir ainm agus an fad a mhair gach tréimhse a mharcáil go soiléir os cionn na bpictiúr ar an amlíne.

Tá uimhir ar gach pictiúr chun cuidiú leis na daltaí agus ba chóir iad a chur in ord ar an amlíne ag tosú le teacht daoine go hÉirinn go dtí an lá atá inniu ann.

## An Ghníomhaíocht

Ba chóir na léaráidí a mhéadú ó A4 go A3 ionas go mbeidh siad sofheicthe. Gearr agus dáil amach na léaráidí i measc na bpáistí. Iarr orthu na léaráidí a dhathú ag úsáid pinn luaidhe dhaite.

Nuair atá na léaráidí ar fad daite, iarr ar na daltaí leis na léaráidí ón *gClochaois – Sealgairí* teacht chun tosaigh. Ansin ag tosú le pictiúr uimhir 1 iarr ar an dalta an téacs ar an léaráid a léamh, an pictiúr a thaispeáint don rang agus a ghreamú ar an amlíne. Nuair atá sé sin déanta iarr ar an gcéad ghrúpa eile teacht suas – *Clochaois – Feirmeoirí* agus na céimeanna céanna a leanúint. Nuair atá na léaráidí ar fad ar an amlíne lig do na páistí tamall a chaitheamh ag féachaint ar an obair iontach atá déanta acu ó thús go deireadh na hamlíne.

**Nod:** B'fhéidir go mbeidh spás breise uait don ré stairiúil.






## Ag úsáid na hAmlíne

Is treoir í an amlíne do na modúil eile. Ba chóir go mbeadh an amlíne ar fáil do na daltaí mar ábhar tagartha ar bhonn leanúnach.

## Gníomhaíocht Dheiridh

Imir *An Cluiche Ama* (**BO2**)

## Naisc ghréasáin

Naisc Ghréasáin

*Amlínte a dhearadh*
**www.latinteach.com/timelines.html**

### Téarmaí

- Méisiliteach
- Neoiliteach
- An Chré-umhaois
- An Iarannaois
- Luath-Chríostaí
- An Mheánaois

### Loga an Mhúinteora

*"Chuir Amlíne na hÉireann go mór leis an tuiscint a bhí ag na daltaí ar chúrsaí staire. D'fhéach siad ar shéadchomharthaí agus ar dhéantúsáin na dtréimhsí éagsúla ar bhealach taitneamhach agus cruthaíocht".*

*Múinteoir Rang 5*



